*Ciorclán S13/21 Scrúduithe Béaltrialacha Teanga na hArdteistiméireachta 2021 Treoir do Bhainistíocht na Scoile*

# Nóta Forlíontach – 24 Márta 2021

D'fhoilsigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit treoir maidir le scrúduithe na mbéaltrialacha a riaradh ar an 19 Márta 2021.

Sa treoir sin rinneadh foráil nach raibh sé oiriúnach don agallóir ná don iarrthóir maisc aghaidhe a chaitheamh le linn na n-agallamh.

Le cúpla lá anuas, d'ardaigh múinteoirí leibhéil shuntasacha d'ábhar imní a chuir in iúl go raibh rún acu agallaimh na béaltrialacha a dhéanamh. Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit tar éis na hábhair imní sin a mheas go cúramach agus machnamh a dhéanamh ar an gcur chuige le haghaidh agallaimh na mbéaltrialacha.

Tá na bearta rialaithe atá sa treoir a foilsíodh an tseachtain seo caite bunaithe ar eolas ón gcomhairle sláinte phoiblí. Ag cur san áireamh na hábhair imní a ardaíodh le CSS le cúpla lá anuas, beidh riachtanas breise ann anois agus beidh ar an agallóir agus ar an iarrthóir maisc aghaidhe a chaitheamh le linn an agallaimh ar fad.

- **Tabhair faoi deara go gcaithfidh na hagallóirí agus iarrthóirí uile do na béaltrialacha maisc a chaitheamh le linn an agallaimh, seachas iad siúd a bhfuil díolúine acu de ghnáth ó bheith ag caitheamh masc.**

- **Ní mór go mbeadh gach riachtanas sláinte phoiblí eile i bhfeidhm d'agallaimh na mbéaltrialacha, úsáid a bhaint as scáileáin pheirspéacs, scaradh sóisialta, dóthain spáis agus aerú sásúil san áireamh.**

Is iad na hagallaimh amháin, mar atá curtha isteach ag na scoileanna, a bheidh an CSS in ann a mharcáil. Dá bhrí sin, iarrtar ar scoileanna an trealamh taifeadta a thástáil go sásúil agus cleachtadh amháin nó níos mó a dhéanamh de dhaoine ag caitheamh masc lena chinntiú gur féidir an taifeadadh a chloisteáil. Mar a cuireadh in iúl cheana féin, is iad na scoileanna atá freagrach as na taifeadtaí a thástáil sula gcuirtear iad isteach go dtí CSS lena marcáil. Ach, i bhfianaise an riachtanais nua maidir le maisc aghaidhe a chaitheamh, is gá do scoileanna tástáil a dhéanamh anois ar an gcaighdeán de **gach** taifeadadh ar leith sula gcuirtear é isteach lena chinntiú go bhfuil gach taifeadadh ar leith ar chaighdeán leordhóthanach agus sásúil le bheith marcáilte ag an CSS, lena n-áirítear nach bhfuil guthanna an agallóra agus an iarrthóra múchta. Chun gach taifeadadh ar leith a thástáil ní mór don scoil éisteacht le cuid leordhóthanach den taifeadadh lena bheith sásta go bhfuil caighdeán an taifeadta sin ar leith sásúil. Ní mór do Chúntóir na Scrúduithe nó don phríomhoide é seo a dhéanamh. Murar féidir an taifeadadh a chloisteáil, ba chóir an t-iarrthóir a athghlaoch le hagallamh a dhéanamh arís sula gcuirtear an t-ábhar taifeadta isteach go dtí CSS.

Ní bheidh deis eile ann do na hiarrthóirí an t-agallamh béaltrialacha a dhéanamh arís nuair atá na chuirtear na taifeadtaí isteach go dtí CSS i gcomhréir leis na sceidil mar a leagadh amach iad roimhe seo. Ina theannta sin, ní bheidh aon bheart i bhfeidhm chun iarrthóirí a chúiteamh mar gheall ar aon fhadhb nó mar gheall ar aon fhadhb a mheastar a bheith le caighdeán thaifeadadh a n-agallaimh bhéaltrialach. Mar atá curtha in iúl, is é an t-ábhar amháin a chuirtear isteach a bheidh CSS in ann a mharcáil.

Tuigeann CSS go mb'fhéidir go ndearna scoileanna socruithe le Scrúduithe na mBéaltrialacha a riaradh i gcomhréir leis an treoir roimhe seo. Ba chóir a thabhairt faoi deara, in ainneoin na socruithe seo ní mór do na hagallóirí agus na hiarrthóirí araon maisc aghaidhe a chaitheamh.

Rinneadh an t-athrú seo lena chinntiú go bhfuil lánmhuinín ag na múinteoirí agus na hiarrthóirí as sábháilteacht na socruithe le haghaidh agallaimh na mbéaltrialacha. Cé nach bhfuil sé go docht riachtanach faoin gcomhairle sláinte phoiblí, creidtear gur féidir freastal ar na hábhair imní a ardaíodh le cúpla lá anuas tríd an mbeart breise seo.